

CAIBIDIL VI. PÉISTEACHA MARA

PLÁTA XXXI AN LUCHÓG MHARA

Casfar an luchóg mhara leat nuair a bhéas tú ag cuartú na lochán cladaigh sa ndíth-thrághadh. Tá fad méire duine innte, cheithre hordlaigh uaireannta. Is cosmhail le spig neannta mhór í agus tá cóta guairneach uirthे a chlúduigheann í uile. Ach ní luchóg ná spig neannta atá innte ach péist mhara atá gránna go leor le breathnú uirthे. Is amhlaidh atá an cóta cuairneach ina ghléas sgagtha aice leis an smúdar agus an saladar a ghlanadh as an uisce a shúghas an t-ainmhíde isteach ins na geolbhaigh san análú. Bailigheann na guaireacha an oiread láibe timcheall ortha gur deacair fíor-dhath na luchóga mara a fheiceál tríd an salachar, ach má shrúilleann tú agus má ghlanann tú an t-ainmhíde beag chífidh tú go bhfuil an luchóg mhara ar cheann de na hainmhídhíbh mara is áilne ann. Cuireann sgálán gréine gach uile dhath a' luaimniú sa gcóta guairneach nuair a choruigheann gaoth nó nuair a athruigheann solas go sáruigheann sé an tuar ceatha leis an ildathú.

Na guaireacha sa gcóta guairneach tá siar géar ina mbarr agus tá fiacla beaga cama ar gach taobh ortha. Nuair a dhearcas tú ortha tríd an miondracán bíonn siad i gcosmhalacht le fiacla craosaire. Ní dheargann na guaireacha seo ar chraiceann duine. Ní chuirfeadh siad goimh ar bith i do láimh, ach is cosaint iad ar go leor alpairí de na halpairí a shluigfeadh an luchóg mhara dá mbeadh sé ina chraiceann mín aca.

PLÁTA XXXI THE SABELLA

Is iomdha sin piast ar an tráigh ach ní sháruigheann piast ar bith an sabella le aduaine. Tig leis píobáin bheaga caola a dhéanamh as an ngaineamh mín. Déanann sé cuimse díobh agus fágann sé bealach dó féin istigh ionnta. Bíonn meall mór slat ar leithead de na píobáin ar an ngaineamh ag íochtar lán agus agus na péisteacha ionnta istigh. Tig siad amach uaireannta. Tréigeann siad an sean-choinigéar agus tógann siad coinigéar nua de phíobáin gainimh díobh féin. Tá tomacha beaga guaireacha ar thaobh na bpéisteacha. Siad na tomacha seo a bheir greim díobh ar an bpíobán nuair a bhíos siad ag snámhghaíl ionnta istigh.

Is féidir na péisteacha seo a fheiceál agus iad ag obair ar na píobáin ach iad a chur i soitheach gloine agus uisce sáile agus gaineamh ón tráigh a thabhairt díobh. Tógann siad na gráinneacha gainimh den mhéid cheart a fheileas don phíobán agus leagann siad i ndiaidh a chéile iad mar dhéanfadh saor le brící, agus greamuigheann siad na gráinneacha le táthán a thálas siad ortha.

PLÁTA XXXII SERPULA

Is péist an serpula a chothuigheas tráigheanna agus cladaigh. Tá feadán aige a gcomhnuigheann sé ann agus bíonn an feadán greamuighthe de chloich nó de shliogán

oisire. De ghaineamh agus de tháthán atá an feadán déanta agus tá se chomh cruaidh leis an sliogán oisire féin. Cífidh tú an feadán greamuighthe de dhruim sean-tsliogán ata tréigthe leis na cianta dubha. Dírígh do shúil ar bhéal an fheadáin agus dearc síos ann. Tá stoipéad bídeach dearg dá dhúnadh. Tá réaltóg gheal daithe ar bharr an stoipéid. Má fheiceann tú an stoipéad dearg beidh an phiast beo istigh ann. Tabhair leat an chloch a bhfuil an feadán greamuighthe di agus leag síos i soitheach sáile í sa gcaoi go mbeidh deis agad súil a choinneál ar an stoipéad. I gceann achair – uair b'fhéidir, nó dhá uair, sáithfidh an phiast an stoipéad amach thar bheal an fheadáin agus cuirfidh sí amach crobhaing glé-dhearg cleiteacha. Siad geolbhaigh na péiste an cleiteacha – más ceart cleiteacha a thabhairt ortha. Má theangmhuigheann tú leo nó má thig fiú do sgáile treasna ortha crapfaidh an phiast isteach sa bhfeadán arís iad agus tarraingeocha sí an stoipéad ina diaidh i mbéal an fheadáin.

Tá tomacha beaga guairneach gearr ar thaobh an serpula go díreach mar tá ar an sabella le na bhogann sí aníos is síos sa bhfeadán, agus nuair is éigean dó preabadh isteach go mear oibrigheann sé an rang fiacal beag cam atá aige le greim a thabhairt dó ar thaobh an fheadáin. Suas le cheithre mhíle dhéag fiacal a bhíos ar dhruim na péiste seo. Dá mbainfeá an craiceann d'eascoin chíféa samhail de na fiacla seo ins an rang de chnámhaibh beaga a bhíos aníos ar dhruim na heascoinne, ach gur mó go mór ná iad na cnámha beaga cala ar an eascoinne.

PLÁTA XXXIII TEREBELLA

Is minic puiteach sáile ar an tráigh i ndiaidh an taoille. Is ins an bpuiteach sáile a bhíonn áitú ag an terebella. Tá feadán ag an bpéist seo ina gcomhnuigheann sí. Is furasta í a aithneachtáil thar sabella nó serpula ar an gciúis de théadracha caola atá timcheall ar bhéal an fheadáin. Tá an chiúis seo déanta de ghaineamh níos míne ná an gaineamh dá ndéantar an feadán féin.

Is de mhianach roighin nach bhfuil briosg an feadán agus is féidir stracadh maith a bhaint as gan a bhriseadh. Bíonn fad troighe ann ar a laghad, agus cé go bhfuil fad ann ní furasta a fhágáil gan cuartú, arae is in íochtar a bhíos sí, fán gcloich, b'fhéidir. An dá luath is a airigheann an péist teangmháil do láimhe crapann sí í féin isteach in íochtar an fheadáin.

Tig an t-am a n-eirigheann an terebella tuirseach dá árus. Eirigheann sí amach agus fágann sí an sliogán ina diaidh. Caitheann sí tamall ag snámh thart ina lochán sáile, ach is gearr an tamall é, arae ní snámhóir maith an péist seo ach oiread le péist ar bith. Crapann sí í féin ina chéile go mbíonn sí dúbalta agus annsin síneann sí í féin amach arís. Cuireann an crapadh agus an síneadh chun cinn san uisge í. Tuirsigheann an snámh í agus nuair a bhíos a sgíth leigte aice tosuigheann sí ar fheadán nua di féin. Déanann sí den ghaineamh é agus den táthán a bhíos aice le n'aghaidh.

Tá terebella eile ann a ghníos an feadán as brusgar sliogán. Táthann sí an brusgar ina fheadán mar níos an phiast eile leis an ngaineamh. Bíonn béal an fheadáin comh-chothrom leis an tráigh leath-bealaigh idir barr an láin agus íochtar an láin. Ós feadán fada é bíonn sí i bhfad síos agus ní féidir a bhaint gan poll domhain a dheanamh le n'ais.

PLÁTA XXXIII AN LUGACH

Níl baoite is fearr le iasgairí druifí ná an lugach agus sé a thaithnigheas le breac na fairrge. Níl aon trágha fairrge gan a díol lugach innte, agus is furasta iad a fhághail nuair a bhíos an taoille tráighte. Tá puill na lugach le feiceál ar uachtar fán gcruiceog bhig gainimh atá sé tar éis a chur aníos. Níl le déanamh ag an iasgaire ach tolladh leis an láidhe fán gcruiceog leis an lugach a thógáil.

Is le na bhéal a ghníos an lugach an poll. Itheann sé lán a bhuilg de ghaineamh agus nuair bhíos sé lán tig sé aníos go béal an phuill i ndiaidh a chúil agus cuireann an sgúid gainimh amach in uachtar. Téann sé síos i ndiaidh a chinn agus bíonn sé ag ithe roimhe mar is tríd an ngaineamh a bhíos a bheatha.

Is aisteach an gléas anála atá aige. Tá trí cinn déag de gheolbhaigh ar gach aon taobh aige – trí pheire déag aca ar fad. Tomacha beaga glé-dhearg seadh iad agus dá ndearcthá ortha le miondracán déarfá go mba cosmhail le sgeacha beaga iad agus duilleabhair dearg ortha.

Nuair a thollann an lugach poll síos sa ngaineamh fliuch ní dhúnann an an gaineamh isteach ina dhiaidh. Tálann sé táthán as a chirp ar ar thaobh an phuill do réir mar bhíos sé dá dhéanamh agus coinnigheann an táthán an gaineamh ina sheasamh. Bíonn doimhne dhá throigh sa bpoll agus tá fad maith sa lugach féin, sé hordlaigh nó deich n-ordlaigh uaireannta.

PLÁTA XXXIV THE NEMERTES

Focal Gréagach seadh *nemertes*. Sé an t-ainm é a bhí ag muinntir na Gréige ar mhaighdin mhara. Is piast í an nemertes a dtig léithe fad sé slat a bhaint aiste féin. Ta sí chomh fada caol gur cosmhail í le iall fada bútaise nuair a bhíos sí casta ina chéile sa lochán sáile. Is osgarthach an t-iasgaire í. Tá mar bheadh gob istigh ina béal fán gcraiceann, sórt sughraiceoir. Nuair a bhéir sí ar éisíní leigeann sí í féin leis cúig slat nó sé slata agus crapann sí í féin ar ais ina cúinne go dtí nach mbíonn innte ach fad slaite. Leanann sí don bhealach sin go díreach mar bhéarfadh iasgaire sloite sgód do bhreac maith luthmhar go mbeadh an breac tugtha traochta aige.

PLÁTA XXXIV THE NEREIS RUADH RÁMHACH

Is piast í an Ruadh Rámhach atá le feiceál go minic ar na cladaigh. Comhnuigheann sé fá na clocha i n-íochtar na lochán a fhágas an trághadh ina dhiaidh. Tá craiceann donn ar an bpéist agus stríoca dubh-ruadh ar fhad a droma. Má dhearcann tú uirthé faoi sgálán gréine chífidh tú loinnir glé-ghorm ag luaimniú ar a craiceann, agus chífidh tú fán ngorm loinnir flann-dearg a bhíos a dul i gcosmhalacht leis an bpéarla dearg.

Tá an Ruadh Rámhach ar cheann de na péisteacha cladaigh is fuide ann. Bíonn fad dhá throigh, beagnach, ins na cinn is mó aca. Tá an-chuimse lopaí bídeacha gruagach ar dhá thaobh na péiste seo. Tá siad beag bídeach go deimhin mar tá suas le cheithre chead aca ar fad aice. Lapa dúbalta gach lapa aca. Nuair is mian leis an bpéist snámh a dhéanamh fosgluigheann sí na lapaí agus dúnann sí aríst iad. Leanann sí den nós sin agus bogann sí léithe mar sin tríd an uisge. Is dócha gur mar gheall ar an nós sin a tugtar an Ruadh Rámhach uirthé.

Ní fán gcloich a bhíos a háitiú ag gach Ruadh Rámhach mar gheobhthá ceann i sliogán foachan i néinfheacht leis an ngliomach faochan agus iad araon go cóir, comharsanamhail le chéile.